



2024/2004

26.7.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/2004 ÓN gCOIMISIÚN
an 23 Iúil 2024

Iena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 a mhéid a bhaineann le liostú lotnaidí agus rialacha maidir le plandaí, táirgí plandaí agus réada eile a thabhairt isteach san Aontas agus a ngluaiseacht laistigh de

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le bearta cosantacha i gcoinne lotnaidí plandaí, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 228/2013, (AE) Uimh. 652/2014 agus (AE) Uimh. 1143/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 69/464/CEE, 74/647/CEE, 93/85/CEE, 98/57/CE, 2000/29/CE, 2006/91/CE agus 2007/33/CE ón gComhairle⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 5(2) agus (3), Airteagal 35(2), Airteagal 37(2) agus (4), Airteagal 40(2), Airteagal 41(2), Airteagal 53(2), Airteagal 54(2), Airteagal 72(1), Airteagal 74(2), Airteagal 79(2) agus Airteagal 80(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 ón gCoimisiún⁽²⁾ bunaítear liosta de lotnaidí coraintín de chuid an Aontais, lotnaidí coraintín de chuid criosanna cosanta agus lotnaidí neamhchoraintín rialáilte de chuid an Aontais. Leagtar amach ceanglais ann maidir le plandaí áirithe, táirgí plandaí agus réadaí eile a thabhairt isteach i gcríoch an Aontais, nó a ngluaiseacht laistigh de, chun cosc a chur le teacht isteach, bunú agus scaipeadh na lotnaidí sin i gcríoch an Aontais.
- (2) Faisnéis eolaíocha nuashonraithe nó nua agus faisnéis theicniúil ó mheasúnuithe riosca lotnaide, aicmiú riosca lotnaide agus anailís riosca lotnaide a rinne an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás'), an Eagraíocht Eorpach agus Meánmhara um Chosaint Plandaí ('EECP') agus na Ballstáit, tá an fhaisnéis sin ar fáil agus fónann sí mar bhonn do lotnaidí nua a liostú. Mar thoradh air sin, na ceanglais speisialta faoi seach maidir le plandaí, táirgí plandaí agus réadaí eile a ndéanann na lotnaidí sin difear dóibh a thabhairt isteach san Aontas agus a ngluaiseacht laistigh de, mar aon leis na rialacha ábhartha maidir le deimhniú na dtráchtearraí sin, ní mór iad a thabhairt cothrom le dáta. Thairis sin, mar gheall ar láithreacht lotnaidí coraintín de chuid an Aontais ar choinsínachtaí allmhairithe ó áiteanna tionscnaimh áirithe, ba cheart ceanglais speisialta nua a ghlacadh maidir le conairí agus trúú tíortha áirithe.
- (3) Thairis sin, léiríonn ráigeanna lotnaidí coraintín de chuid an Aontais i gcríoch an Aontais gur gá athbhreithniú a dhéanamh ar stádas lotnaidí coraintín áirithe de chuid an Aontais ag brath ar cé acu a bhfuiltear ar an eolas faoina láithreacht i gcríoch an Aontais nó nach bhfuil.
- (4) Ba cheart *Neofusicoccum loricinum* (Sawada) Y. Hattori & C. Nakashima⁽³⁾ a chur in ionad ainm na lotnaide *Guignardia loricata* (Sawada) W. Yamam& Kaz. Itô chun na forbairtí is déanaí san ainmníocht idirnáisiúnta a léiriú, forbairtí a shaináithin an Eagraíocht Eorpach agus Meánmhara um Chosaint Plandaí⁽⁴⁾.
- (5) Ní chomhlíonann an lotnaid *Melampsora medusae* f. sp. *tremuloidis* Shain a thuilleadh coinníollacha Airteagal 3 agus Roinn 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/2031 i ndáil leis an tionchar comhshaoil, sóisialta agus eacnamaíoch do-ghlactha a d'fhéadfadh a bheith aici mar gheall ar a speiceasacht óstach. Dá bhrí sin, ní cháilítear í a thuilleadh mar lotnaid choraintín de chuid an Aontais agus ba cheart í a bhaint den liosta de lotnaidí coraintín de chuid an Aontais a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072.

⁽¹⁾ IO L 317, 23.11.2016, lch. 4, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2016/2031/oj>.

⁽²⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 ón gCoimisiún an 28 Samhain 2019 lena mbunaítear coinníollacha aonfhoirmeacha maidir le cur chun feidhme Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le bearta cosanta in aghaidh lotnaidí plandaí, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 690/2008 ón gCoimisiún agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2019 ón gCoimisiún (IO L 319, 10.12.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2019/2072/oj).

⁽³⁾ EECP (2024) *Neofusicoccum loricinum*. Bileoga sonraí EECP maidir le lotnaidí a mholtar le haghaidh rialála. Le fáil ar líne ag <https://gd.eppo.int>.

⁽⁴⁾ Tuarascáil Bhliantúil agus Moltaí ón gComhairle 2022. *EPPO Bulletin* [Feasachán ó EECP]. 2023;53:675–690; DOI: 10.1111/epp.12975.

- (6) In Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072, ní áirítear go fóill na cóid ghaolmhara arna sannadh ag an Eagraíocht Eorpach agus Meánmhara um Chosaint Plandaí in iontrálacha áirithe a bhaineann le lotnaidí coraintín de ghrúpaí *Choristoneura* spp. agus *Cicadomorpha*, ar lotnaidí iad arb eol go mbíonn siad ina veicteoirí víris *Xylella fastidiosa*, *Margarodidae* agus *Tephritidae*, agus víreas lobhróise an chrainn citris. Ós rud é gur chruthaigh an Eagraíocht Eorpach agus Meánmhara um Chosaint Plandaí na cóid tar éis an leasaithe dheireanaigh a rinneadh ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072, ba cheart na cóid sin a áireamh in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin.
- (7) Thairis sin, na lotnaidí *Neoceratitis asiatica* (Becker), *Neoceratitis cyanescens* (Bezzi) agus *Neotephritis finalis* (Loew) ar leis an bhfine *Tephritidae* iad, fuarthas go gcomhlíonann siad coinníollacha uile Airteagal 3 agus Roinn 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/2031 maidir lena liostú mar lotnaidí coraintín de chuid an Aontais ⁽⁵⁾. Dá bhrí sin, ba cheart iad a áireamh i liosta de lotnaidí coraintín de chuid an Aontais a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072.
- (8) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1265 ón gCoimisiún ⁽⁶⁾, bunaítear bearta chun leathadh Víreas róis na róiséad i gcríoch an Aontais a chosc, maille lena thabhairt isteach i gcríoch an Aontais. Léiríodh le suirbhéanna bliantúla i ngach Ballstát nach bhfuil an víreas ná a veicteoir *Phyllocoptes fructiphilus* (Germar) i láthair i gcríoch an Aontais. Ar bhonn na hanailíse riosca lotnaidí a rinne an Eagraíocht Eorpach agus Meánmhara um Chosaint Plandaí ⁽⁷⁾, fuarthas go gcomhlíonann an lotnaid agus a veicteoir coinníollacha Airteagal 3 agus Roinn 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/2031 i ndáil le críoch an Aontais. Dá bhrí sin, ba cheart iad a áireamh mar lotnaidí coraintín de chuid an Aontais nach eol an bhfuil siad i láthair i gcríoch an Aontais sa liosta de lotnaidí coraintín de chuid an Aontais in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072. Mar thoradh air sin, na ceanglais speisialta maidir le plandaí *Rosa* L., seachas síolta, a thabhairt isteach, ar plandaí de bhunadh Ceanada, na hIndia nó na Stát Aontaithe iad, ceanglais a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1265, ba cheart iad a áireamh in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/2072.
- (9) *Ripersiella hibisci* Kawai agus Takagi, víreas feosaíochta clóróisí an Phráta Mhilis agus Víreas breac éadrom an Phráta Mhilis, ní chomhlíonann siad a thuilleadh coinníollacha Airteagal 3 agus Roinn 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/2031 chun bheith liostaithe mar lotnaidí coraintín de chuid an Aontais. Is amhlaidh atá toisc nach tionchar suntasach é an tionchar atá ag na lotnaidí sin ar na plandaí óstacha, ar tionchar é a thug na Ballstáit faoi deara sna ráigeanna atá ag tarlú i gcríoch an Aontais. Dá bhrí sin, ní chomhlíonann na lotnaidí sin a thuilleadh an critéar maidir le tionchar eacnamaíoch, sóisialta agus/nó comhshaoil do-ghlactha a bheith acu ar chríoch an Aontais. Dá réir sin, na ceanglais speisialta maidir le plandaí le haghaidh plandú, seachas plandaí suanacha, plandaí i saothrán fíocháin, síolta, bleibeanna, tiúbair, cormáin agus riosóim, a leagtar síos in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 le haghaidh víreas feosaíochta clóróisí an Phráta Mhilis agus víreas breac éadrom an Phráta Mhilis, ba cheart na ceanglais sin a scriosadh.
- (10) Thairis sin, *Draeculacephala minerva* Ball [DRAEMI] agus *Draeculacephala* sp. [1DRAEG], liostaítear an dá cheann mar lotnaidí coraintín de chuid an Aontais in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart an iontráil maidir le *Draeculacephala minerva* Ball [DRAEMI] a scriosadh toisc gur speiceas den ghéineas *Draeculacephala* [1DRAEG] é.
- (11) Tá víreas fáinnebhall an Phlanda Tobac agus víreas fáinnebhall an Tráta i láthair ar roinnt plandaí ornáideacha i gcríoch an Aontais, ach tá tionchar teoranta tugtha faoi deara sna ráigeanna atá ag tarlú. Dá bhrí sin, níl údar le bearta díothaithe ar na hóstaigh ornáideacha sin. Ní chomhlíonann siad a thuilleadh coinníollacha Airteagal 3 agus Roinn 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/2031 i ndáil leis an gcrítear maidir le tionchar comhshaoil, sóisialta agus eacnamaíoch do-ghlactha ar chríoch an Aontais. Dá bhrí sin, ba cheart iad a bhaint den liosta de lotnaidí coraintín de chuid an Aontais in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072. Mar thoradh air sin, na ceanglais speisialta maidir le plandaí *Malus* Mill. agus *Pelargonium* L'Herit. ex Ait. le haghaidh plandú, seachas síolta, agus plandaí *Prunus* L. agus *Rubus* L. le haghaidh plandú, ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 le haghaidh víreas fáinnebhall an Tráta, ba cheart iad a scriosadh.

⁽⁵⁾ Aicmiú lotnaide *Tephritidae* neamh-AE. *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2020;18(1):5931, lch. 62 <https://doi.org/10.2903/j.efsa.2020.5931>.

⁽⁶⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1265 ón gCoimisiún an 20 Iúil 2022 lena mbunaítear bearta chun leathadh Víreas Rose Rosette ar chríoch an Aontais a chosc, maille lena thabhairt isteach i gcríoch an Aontais (IO L 192, 21.7.2022, lch. 14, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2022/1265/oj).

⁽⁷⁾ EECF (2018), Anailís riosca lotnaidí i gcomhair víreas Rose rosette agus a veicteoir *Phyllocoptes fructiphilus*. Ar fáil ag <https://gd.eppo.int/taxon/RRV000/documents>.

- (12) Ar bhonn na modheolaíochta a d'fhorbair an Eagraíocht Eorpach agus Meánmhara um Chosaint Plandaí⁽⁸⁾, is iomchuí teacht ar an gconclúid go gcomhlíonann víreas fáinnebhall an phlanda Tobac na critéir le haghaidh lotnaidí neamhchoraintín rialáilte a leagtar amach in Airteagal 36 agus i Roinn 4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/2031 le haghaidh plandaí óstacha áirithe. Dá bhrí sin, tá bonn cirt leis an lotnaid sin a chur san áireamh i gCodanna H agus J d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072, ina liostaítear lotnaidí neamhchoraintín rialáilte maidir le siol plandaí ola agus plandaí snáithín agus ábhar iomadaithe plandaí agus plandaí torthaí le haghaidh táirgeadh torthaí *Glycine max* (L.) Merr. agus *Vaccinium* L., faoi seach. Thairis sin, agus chun cosc a chur le láithreach na lotnaide sin ar shíolta *Glycine max* (L.) Merr, ba cheart bearta sonracha a leagan síos i gCuid G d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072.
- (13) Ar bhonn na modheolaíochta a d'fhorbair an Eagraíocht Eorpach agus Meánmhara um Chosaint Plandaí⁸, is iomchuí teacht ar an gconclúid go gcomhlíonann víreas fáinnebhall an Tráta na critéir le haghaidh lotnaidí neamhchoraintín rialáilte a leagtar amach in Airteagal 36 agus i Roinn 4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/2031 le haghaidh plandaí óstacha áirithe. Dá bhrí sin, tá údar leis an lotnaid sin a chur san áireamh i gCuid J d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072, Iarscríbhinn ina liostaítear lotnaidí neamhchoraintín rialáilte maidir le hábhar iomadaithe torthaí agus plandaí torthaí le haghaidh táirgeadh torthaí *Malus* Mill., *Prunus* L., *Rubus* L. agus *Vaccinium* L.
- (14) Ar bhonn na modheolaíochta a d'fhorbair an Eagraíocht Eorpach agus Meánmhara um Chosaint Plandaí⁸, is iomchuí teacht ar an gconclúid go gcomhlíonann *Pucciniastrum minimum* (Schweinitz) Arthur na critéir le haghaidh lotnaidí neamhchoraintín rialáilte a leagtar amach in Airteagal 36 agus i Roinn 4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/2031 le haghaidh plandaí óstacha áirithe. Dá bhrí sin, tá údar leis an lotnaid sin a chur san áireamh i gCuid J d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072, Iarscríbhinn ina liostaítear lotnaidí neamhchoraintín rialáilte maidir le hábhar iomadaithe torthaí agus plandaí torthaí le haghaidh táirgeadh torthaí *Vaccinium* L. le teorainn lamháiltais de 0 %.
- (15) Is léir ó thaithí na mBallstát ar víreas mósáice an chrainn figí nach bhfuil tionchar eacnamaíoch suntasach ag láithreach na lotnaide sin ar phlandaí *Ficus carica*. Dá réir sin, ní chomhlíonann an lotnaid sin a thuilleadh coinníollacha Airteagal 36 agus Roinn 4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/2031 i ndáil leis an tionchar eacnamaíoch do-ghlactha a d'fhéadfadh a bheith aici ar úsáid bheartaithe phlandaí *Ficus carica* L. Dá bhrí sin, ba cheart an lotnaid sin a bhaint den liosta de lotnaidí neamhchoraintín rialáilte i gCuid J d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072.
- (16) I gcomhréir le pointe 16 d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072, tá toirmeasc ar phlandaí le haghaidh plandú ó speicis stólain nó speicis a chruthaíonn tiúbair de *Solanum* L., nó á gcuid hibridí, seachas tiúbair *Solanum tuberosum* L. mar a shonraítear i bpointe 15 den Iarscríbhinn sin. Tá síolta *Solanum* L. san áireamh sna plandaí sin freisin. Ní áirítear an cód le haghaidh síolta *Solanum* L. sna cóid Ainmníochta Comhcheangailte a liostaítear i bpointe 16, áfach. Dá bhrí sin, agus ar mhaithe le soiléireacht agus deimhneacht dhlíthiúil, ba cheart an cód Ainmníochta Comhcheangailte le haghaidh na síolta sin a chur leis an bpointe sin. Ar an gcúis chéanna, an iontráil ábhartha maidir leis an gcód Ainmníochta Comhcheangailte le haghaidh síolta *Solanum* L. i gCuid A d'Iarscríbhinn XI a ghabhann leis an Rialachán sin, ba cheart í a scriosadh.
- (17) Aithníodh codanna áirithe de chríoch na Portaingéile mar chrios cosanta i ndáil le *Gonipterus scutellatus* Gyllenhal. Tá sé iarrtha anois ag an bPortaingéil, i gcomhréir le hAirteagal 35(2) de Rialachán (AE) 2016/2031, go dtarraingeofaí siar stádas a críche iomláine mar chrios cosanta i ndáil leis an lotnaid choraintín sin de chuid criosanna cosanta. Tar éis an iarratais sin a fháil, níor cheart críoch iomlán na Portaingéile a aithint a thuilleadh mar chrios cosanta i ndáil le *Gonipterus scutellatus* Gyllenhal, agus ba cheart na hiontrálacha ábhartha in Iarscríbhinní III agus X a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 a scriosadh.
- (18) Le tuairim eolaíoch ón Údarás le déanaí maidir leis an dóchúlacht go dtabharfar *Thaumatotibia leucotreta* (Meyrick) isteach i gcríoch an Aontais trí allmhairí rósanna gearrtha⁽⁹⁾, thangthas ar an gconclúid go dtugann bláthanna gearrtha ó *Rosa* L. conair teacht isteach don lotnaid sin, lotnaid a liostaítear i gCuid A d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 mar lotnaid choraintín de chuid an Aontais nach bhfuiltear ar an eolas faoina láithreach i gcríoch an Aontais. I bhfianaise neamhchomhlíonadh leanúnach i gcás coinsíneachtaí de bhláthanna *Rosa* L. gearrtha mar gheall ar láithreach na lotnaide sin, neamhchomhlíonadh a suíodh gur mar thoradh ar rialuithe teorann i gcríoch an Aontais atá sé, tá údar le ceanglais speisialta a thabhairt isteach in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 i ndáil leis na plandaí sin a thabhairt isteach i gcríoch an Aontais.

⁽⁸⁾ Modheolaíocht chun liosta de lotnaidí neamhchoraintín rialáilte a ullmhú. *EPPO Bulletin* [Feasachán ó EPPO] (2017) 47(3), lch. 551-558. <https://doi.org/10.1111/epp.12420>.

⁽⁹⁾ Measúnú ar an dóchúlacht go dtabharfar *Thaumatotibia leucotreta* isteach i gcríoch an Aontais trí allmhairí rósanna gearrtha. *EFSA Journal* [Iris EFSA], 21(10), lch. 1-166. <https://doi.org/10.2903/j.efsa.2023.8107>.

- (19) Is lotnaid pholafagach í *Aleurocanthus spiniferus* (Quaintance) atá i láthair i gcríoch an Aontais. Tá ceanglais speisialta in Iarscríbhinní VII agus VIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 maidir le speicis plandaí atá inmhiolaithe leis an lotnaid sin a thabhairt isteach san Aontas agus a ngluaiseacht laistigh de. Sainaitníodh inmhioluithe i dtuilleadh speicis óstacha i suirbhéanna breise ar an lotnaid i gcríoch an Aontais. Dá bhrí sin, ba cheart na speicis sin a áireamh sa liosta de na hóstaigh.
- (20) Ceanglais maidir le plandaí áirithe, táirgí plandaí agus réadaí eile a thabhairt isteach i gcríoch an Aontais agus a ngluaiseacht laistigh de, leagtar síos iad i gCinneadh Cur Chun Feidhme 2012/697/AE ón gCoimisiún ⁽¹⁰⁾ chun cosc a chur le bunú agus scaipeadh *Pomacea* (Perry). I bhfianaise na dtorthaí a fuarthas le déanaí maidir leis an lotnaid sin ag cigireachtaí rialaithe teorann, ba cheart na bearta sin a oiriúnú chun a áirithiú go bhfuil na tráchtearraí ábhartha saor ón lotnaid sin. Ar mhaithe le comhsheasmhacht dhlíthiúil agus soiléireacht, ba cheart na bearta sin a áireamh in Iarscríbhinní VII agus VIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072, agus ba cheart Cinneadh 2012/697/AE a aisghairm le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2013 ón gCoimisiún ⁽¹¹⁾ [C(2024) 5055].
- (21) Tá ceanglais speisialta in Iarscríbhinní VII agus VIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 maidir le speicis plandaí áirithe atá ina n-óstaigh do *Agrilus planipennis* Fairmaire a thabhairt isteach i gcríoch an Aontais agus a ngluaiseacht laistigh de. Thairis sin, tá na speicis plandaí sin san áireamh sna liostaí de phlandaí, táirgí plandaí agus réadaí eile atá faoi réir deimhnithe fiteashláintíochta nó pas plandaí, ar liostaí iad atá in Iarscríbhinní XI agus Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 faoi seach. I gcomhréir le cárta suirbhé lotnaidí an Údaráis ⁽¹²⁾, níor deimhníodh plandaí *Juglans ailantifolia* Carr., *Juglans mandshurica* Maxim., *Ulmus davidiana* Planch. agus *Pterocarya rhoifolia* Siebold & Zucc mar óstaigh fhéideartha na lotnaide sin, agus cinneadh i dtástálacha allamuigh nach raibh speicis na ngéineas sin oiriúnach d'fhorbairt iarbhadh.
- (22) Dá réir sin, na tagairtí uile ábhartha do na plandaí sin in Iarscríbhinní VII, VIII, XI agus XIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072, ba cheart iad a scriosadh.
- (23) Thairis sin, le hAirteagal 4 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/434 ón gCoimisiún ⁽¹³⁾, leagtar síos forálacha maidir le maoluithe ar bhunú limistéir chríochaithe nuair a dheimhnítear go hoifigiúil láithreach na lotnaide sin. Dá bhrí sin, agus ar mhaithe le comhsheasmhacht agus soiléireacht dhlíthiúil, ba cheart foráil a dhéanamh i bpointí 26 go 29 d'Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 maidir leis na plandaí atá faoi réir na maoluithe sin a dhíolmhú ó na ceanglais faoi seach.
- (24) Cóid Ainmníochta Comhcheangailte áirithe, nó tuairiscí orthu, a úsáidtear in Iarscríbhinní VI, VII, X, XI agus XIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072, ba cheart iad a ailíniú leis na cóid nuashonraithe in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle ⁽¹⁴⁾.
- (25) Ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 a leasú dá réir.
- (26) Na rialacha maidir le lotnaidí coraintín nua de chuid an Aontais a liostú, nár glacadh aon bheart ina leith de bhun Airteagal 30 de Rialachán (AE) 2016/2031, na rialacha maidir le lotnaidí neamhchoraintín rialálte nua a liostú agus na bearta ábhartha, na bearta maidir le plandaí le haghaidh plandú i ndáil leis an lotnaid *Pomacea* (Perry) agus *Aleurocanthus spiniferus* (Quaintance), ba cheart feidhm a bheith acu ón 26 Eanáir 2025. Tá gá leis an tréimhse sin chun gur féidir leis na húdarais inniúla agus le hoibreoírí gairmiúla dul in oiriúint do na ceanglais nua.

⁽¹⁰⁾ Cinneadh Cur Chun Feidhme 2012/697/AE ón gCoimisiún an 8 Samhain 2012 a mhéid a bhaineann le bearta chun cosc a chur le tabhairt isteach agus leathadh an ghéinis *Pomacea* (Perry) laistigh den Aontas (IO L 311, 10.11.2012, lch. 14, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2012/697/oj).

⁽¹¹⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2013 ón gCoimisiún an 23 Iúil 2024 maidir le bearta chun cosc a chur le bunú agus leathadh *Pomacea* (Perry) laistigh de chríoch an Aontais agus chun é a dhíothú agus lena n-aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme 2012/697/AE ón gCoimisiún (IO L, 2024/2013, 26.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/2013/oj).

⁽¹²⁾ EFSA (Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia), 2023. Cárta suirbhé lotnaide ar *Agrilus planipennis*. Foilseachán tacaíochta EFSA 2023:EN-8479. Le fáil ar líne: <https://efsa.europa.eu/plants/planthealth/monitoring/surveillance/agrilus-planipennis>.

⁽¹³⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/434 ón gCoimisiún an 5 Feabhra 2024 maidir le bearta chun cosc a chur le bunú agus leathadh *Agrilus planipennis* Fairmaire laistigh de chríoch an Aontais (IO L, 2024/434, 6.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/434/oj).

⁽¹⁴⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2364 ón gCoimisiún an 26 Meán Fómhair 2023 lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim (IO L, 2023/2364, 31.10.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/2364/oj).

- (27) Bunaithe ar bharúlacha a fuarthas ó thríú tíortha, tar éis comhairliúcháin a rinneadh faoi chuimsiú na hEagraíochta Domhanda Trádála (an Comhaontú maidir le Bearta Sláintíochta agus Fíteashláintíochta) agus le geallsealbhóirí an Aontais faoi seach, ba cheart feidhm a bheith ag na bearta le haghaidh bláthanna gearrtha ó *Rosa* L. i ndáil leis an lotnaid *Thaumatococcus leucocretus* (Meyrick) ón 26 Aibreán 2025. Tá gá leis an tréimhse sin chun gur féidir leis na húdaráis inniúla agus le hoibreoírí gairmiúla dul in oiriúint do na ceanglais nua.
- (28) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Pointí (1)(b)(vii) agus (c)(iv), pointe (3), pointe (4), pointí (6)(a), (e) agus (h) agus pointí (7)(a) agus (b) den Iarscríbhinn, beidh feidhm acu ón 26 Eanáir 2025.

Beidh feidhm ag pointe 6(i) den Iarscríbhinn ón 26 Aibreán 2025.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Iúil 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 mar a leanas:

- (1) Leasaítear Cuid A d'Iarscríbhinn II mar a leanas:
- (a) tábla '2. Leasaítear 'Fungais agus úimícéití' mar a leanas:
- (i) scriostar pointe 13 agus pointe 18;
- (ii) cuirtear isteach an pointe seo a leanas idir pointí 21 agus 22:

'21.1.	<i>Neofusicoccum laricinum</i> (Sawada) Y. Hattori & C. Nakashima [GUIGLA]
--------	--

- (b) tábla '3. Leasaítear 'Feithidí agus fineoga' mar a leanas:
- (i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 22.5:
'22.5. *Choristoneura occidentalis biennis* Freeman [CHONBI];
- (ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 23:

'23.	<p><i>Cicadomorpha</i>, ar eol dúinn gur veicteoirí de <i>Xylella fastidiosa</i> (Wells et al.) iad:</p> <p>23.1. <i>Acrogonia citrina</i> Marucci [ACRGCI] 23.2. <i>Acrogonia virescens</i> (Metcalf) [ACRGLVI] 23.3. <i>Aphrophora angulata</i> Ball [APHRAN] 23.4. <i>Aphrophora permutata</i> Uhler [APHRPE] 23.5. <i>Bothrogonia ferruginea</i> (Fabricius) [TETTFE] 23.6. <i>Bucephalagonia xanthophis</i> (Berg) [BUCLXA] 23.7. <i>Clastoptera achatina</i> Germar [CLASAC] 23.8. <i>Clastoptera brunnea</i> Ball [CLASBR] 23.9. <i>Cuerna costalis</i> (Fabricius) [CUERCO] 23.10. <i>Cuerna occidentalis</i> Osman agus Beamer [CUEROC] 23.11. <i>Cyphonia clavigera</i> (Fabricius) [CYPACG] 23.12. <i>Dechacona missionum</i> (Berg) [ONCMMI] 23.13. <i>Dilobopterus costalimai</i> Young [DLBPCO] 23.14. <i>Draeculacephala</i> sp. [DRAESP] 23.15. <i>Ferrariana trivittata</i> (Signoret) [FRRATR] 23.16. <i>Fingeriana dubia</i> Cavichioli [FINGDU] 23.17. <i>Friscanus friscanus</i> (Ball) [FRISFR] 23.18. <i>Graphocephala atropunctata</i> (Signoret) [GRCPAT] 23.19. <i>Graphocephala confluens</i> (Uhler) [GRCPCF] 23.20. <i>Graphocephala versuta</i> (Say) [GRCPVE] 23.21. <i>Helochara delta</i> Oman [HELHDE] 23.22. <i>Homalodisca ignorata</i> Melichar [HOMLIG] 23.23. <i>Homalodisca insolita</i> Walker [HOMLIN] 23.24. <i>Homalodisca vitripennis</i> (Germar) [HOMLTR] 23.25. <i>Lepyronia quadrangularis</i> (Say) [LEPOQU] 23.26. <i>Macugonalia cavifrons</i> (Stal) [MAGOCA] 23.27. <i>Macugonalia leucomelas</i> (Walker) [MAGOLE] 23.28. <i>Molomea consolidata</i> Schroder [MOLMCO] 23.29. <i>Neokolla hieroglyphica</i> (Say) [GRCPHI] 23.30. <i>Neokolla severini</i> DeLong [NKOLSE] 23.31. <i>Oncometopia facialis</i> Signoret [ONCMFA] 23.32. <i>Oncometopia nigricans</i> Walker [ONCMNI] 23.33. <i>Oncometopia orbona</i> (Fabricius) [ONCMUN] 23.34. <i>Oragua discoidula</i> Osborn [ORAGDI] 23.35. <i>Pagaronia confusa</i> Oman [PGARCO] 23.36. <i>Pagaronia furcata</i> Oman [PGARFU] 23.37. <i>Pagaronia tredecimpunctata</i> Ball [PGARTR] 23.38. <i>Pagaronia triumata</i> Ball [PGARTN] 23.39. <i>Parathona gratiosa</i> (Blanchard) [PTHOGR] 23.40. <i>Plesiommatata corniculata</i> Young [PLSOCO] 23.41. <i>Plesiommatata mollicella</i> (Fowler) [PLSOMO] 23.42. <i>Poophilus costalis</i> (Walker) [POOPCO] 23.43. <i>Sibovia sagata</i> (Signoret) [SIBOSA] 23.44. <i>Sonesimia grossa</i> (Signoret) [SONEGR]</p>
------	--

	<p>23.45. <i>Tapajosa rubromarginata</i> (Signoret) [TAPARU] 23.46. <i>Xyphon flaviceps</i> (Riley) [CARNFL] 23.47. <i>Xyphon fulgida</i> (Nottingham) [CARNFU] 23.48. <i>Xyphon triguttata</i> (Nottingham) [CARNTR]'</p>
	<p>(iii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 44.1: '44.1. <i>Dimargarodes meridionalis</i> Morrison [MARGME]';</p> <p>(iv) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 44.4: '44.4. <i>Eurhizococcus colombianus</i> Jakubski [EURHCO]';</p> <p>(v) cuirtear isteach an pointe seo a leanas idir pointí 52 agus 53:</p>
'52.1	<i>Phyllocoptes fructiphilus</i> (Germar) [PHYCFR]'
	<p>(vi) scriostar pointe 67;</p> <p>(vii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 77:</p>
'77.	<p><i>Tephritidae</i>:</p> <p>77.1. <i>Acidiella kagoshimensis</i> (Miyake) [ACIEKA] 77.2. <i>Acidoxantha bombacis</i> de Meijere [ACIXBO] 77.3. <i>Acroceratitis distincta</i> (Zia) [ACRSDI] 77.4. <i>Adrama</i> spp. [1ADRAG] 77.5. <i>Anastrepha</i> spp. [1ANSTG] 77.6. <i>Anastrepha ludens</i> (Loew) [ANSTLU] 77.7. <i>Asimoneura pantomelas</i> (Bezzi) [ASIMPA] 77.8. <i>Austrotephritis protrusa</i> (Hardy & Drew) [AUSHPR] 77.9. <i>Bactrocera</i> spp. [1BCTRG], except <i>Bactrocera oleae</i> (Gmelin) [DACUOL] 77.10. <i>Bactrocera dorsalis</i> (Hendel) [DACUDO] 77.11. <i>Bactrocera latifrons</i> (Hendel) [DACULA] 77.12. <i>Bactrocera zonata</i> (Saunders) [DACUZO] 77.13. <i>Bistrispinaria fortis</i> (Speiser) [BISRFO] 77.14. <i>Bistrispinaria magniceps</i> (Bezzi) [BISRMA] 77.15. <i>Callistomyia flavilabris</i> Hering [CLMYFL] 77.16. <i>Campiglossa albiceps</i> (Loew) [CAMGAL] 77.17. <i>Campiglossa californica</i> (Novak) [CAMGCA] 77.18. <i>Campiglossa duplex</i> (Becker) [CAMGDU] 77.19. <i>Campiglossa reticulata</i> (Becker) [CAMGRE] 77.20. <i>Campiglossa snowi</i> (Hering) [CAMGSN] 77.21. <i>Carpomya incompleta</i> (Becker) [CARYIN] 77.22. <i>Carpomya pardalina</i> (Bigot) [CARYPA] 77.23. <i>Ceratitis</i> spp. [1CERTG], seachas <i>Ceratitis capitata</i> (Wiedemann) [CERTCA] 77.24. <i>Craspedoxantha marginalis</i> (Wiedemann) [CRSXMA] 77.25. <i>Dacus</i> spp. [1DACUG] 77.26. <i>Dioxyina chilensis</i> (Macquart) [DIOXCH] 77.27. <i>Dirioxa pornia</i> (Walker) [TRYEMU] 77.28. <i>Euleia separata</i> (Becker) [EULISE] 77.29. <i>Euphranta camelliae</i> (Ito) [EPHNSA] 77.30. <i>Euphranta canadensis</i> (Loew) [EPOCCA] 77.31. <i>Euphranta cassiae</i> (Munro) [RHACCA] 77.32. <i>Euphranta japonica</i> (Ito) [RHACJA] 77.33. <i>Euphranta oshimensis</i> (Shiraki) [EPHNOS] 77.34. <i>Eurosta solidaginis</i> (Fitch) [EUOSSO] 77.35. <i>Eutreta</i> spp. [1EUTTG] 77.36. <i>Gastrozona nigrifemur</i> David & Hancock [GASZNI] 77.37. <i>Goedenia stenoparia</i> (Steyskal) [GOEDST] 77.38. <i>Gymnocarena</i> spp. [GYMRSP] 77.39. <i>Insizwa oblita</i> (Munro) [INZWOB] 77.40. <i>Marriottella exquisita</i> Munro [MARREX] 77.41. <i>Monacrostichus citricola</i> Bezzi [MNAHCI] 77.42. <i>Neaspilota alba</i> (Loew) [NEAIAL] 77.43. <i>Neaspilota reticulata</i> Norrbom & Foote [NEAIRE]</p>

77.44.	<i>Neoceratitis asiatica</i> (Becker) [NCERAS]
77.45.	<i>Neoceratitis cyanescens</i> (Bezzi) [CERTCY]
77.46.	<i>Neotephritis finalis</i> (Loew) [NTPRFI]
77.47.	<i>Paracantha trinotata</i> (Foote) [PCANTR]
77.48.	<i>Parastenopa limata</i> (Coquillett) [PSTELI]
77.49.	<i>Paratephritis fukaii</i> Shiraki [PTEPFU]
77.50.	<i>Paratephritis takeuchii</i> Ito [PTEPTA]
77.51.	<i>Paraterellia varipennis</i> (Coquillett) [PTLLVA]
77.52.	<i>Philophylla fossata</i> (Fabricius) [PHIPFO]
77.53.	<i>Procecidochares</i> spp. [1PROIG]
77.54.	<i>Ptilona confinis</i> (Walker) [PTIOCO]
77.55.	<i>Ptilona persimilis</i> Hendel [PTIOPE]
77.56.	<i>Rhagoletis</i> spp. [1RHAGG], except <i>Rhagoletis alternata</i> (Fallén) [RHAGAL], <i>Rhagoletis batava</i> Hering [RHAGBA], <i>Rhagoletis berberidis</i> Jermy [RHAGBE], <i>Rhagoletis cerasi</i> L. [RHAGCE], <i>Rhagoletis cingulata</i> (Loew) [RHAGCI], <i>Rhagoletis completa</i> Cresson [RHAGCO], <i>Rhagoletis meigenii</i> (Loew) [CERTME], <i>Rhagoletis suavis</i> (Loew) [RHAGSU], <i>Rhagoletis zernyi</i> Hendel [RHAGZR]
77.57.	<i>Rhagoletis pomonella</i> (Walsh) [RHAGPO]
77.58.	<i>Rioxoptilona dunlopi</i> (Wulp) [ACNVDU]
77.59.	<i>Sphaeniscus binoculatus</i> (Bezzi) [SFANBI]
77.60.	<i>Sphenella nigricornis</i> Bezzi [SFENNI]
77.61.	<i>Strauzia</i> spp. [1STRAG], seachas <i>Strauzia longipennis</i> (Wiedemann)[STRALO]
77.62.	<i>Taomyia marshalli</i> Bezzi [TAOMMA]
77.63.	<i>Tephritis leavittensis</i> Blanc [TEPRLE]
77.64.	<i>Tephritis luteipes</i> Merz [TEPRLU]
77.65.	<i>Tephritis ovatipennis</i> Foote [TEPROV]
77.66.	<i>Tephritis pura</i> (Loew) [TEPRPU]
77.67.	<i>Toxotrypana curvicauda</i> Gerstaecker [TOXTCU]
77.68.	<i>Toxotrypana recurcauda</i> Tigrero [ANSTRE]
77.69.	<i>Trupanea bisetosa</i> (Coquillett) [TRUPBI]
77.70.	<i>Trupanea femoralis</i> (Thomson) [TRUPFE]
77.71.	<i>Trupanea wheeleri</i> (Curran) [TRUPWH]
77.72.	<i>Trypanocentra nigrithorax</i> Malloch [TRYNNI]
77.73.	<i>Trypeta flaveola</i> Coquillett [TRYEFL]
77.74.	<i>Urophora christophi</i> Loew [URORCH]
77.75.	<i>Xanthaciura insecta</i> (Loew) [XANRIN]
77.76.	<i>Zacerata asparagi</i> Coquillett [ZACEAS]
77.77.	<i>Zeugodacus</i> spp. [1ZEUDG]
77.78.	<i>Zonosemata electa</i> (Say) [ZONOEL]

(c) tábla ‘6. Leasaítear ‘Vírís, viróidigh agus fiteaplasma’ mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 6:

‘6.	Vírís lobhróise an chrainn citris: 6.1. Víreas lobhróise an chrainn citris C [CILVC0] 6.2. Víreas lobhróise an chrainn citris C2 [CILVC2] 6.3. Víreas baill ghlais na Roiseoga 2 [HGSV20] 6.4. Tréithchineál citris de víreas fliosca an mhagairlín [OFV00] (tréithchineál citris) 6.5. Víreas lobhróise an chrainn citris N <i>sensu novo</i> [CILVNO] 6.6. Víreas baill chlóróisigh citris [CICSV0]
-----	---

(ii) cuirtear isteach an pointe seo a leanas idir pointí 12 agus 13:

‘12.1	Víreas róis na róiséad [RRV000]’
-------	----------------------------------

(iii) scriostar pointe 15 agus pointe 16;

(iv) scriostar pointe 17 agus pointe 21;

- (2) in Iarscríbhinn III, sa tábla, i roinn (c) 'Feithidí agus fineoga', i bpointe 6, sa tríú colún 'Criosanna cosanta', scriostar pointe (b);
- (3) leasaítear Iarscríbhinn IV mar a leanas:
- (a) i bpointe H, cuirtear isteach an tábla seo a leanas:

Víris, víoróidigh, galair dár tréithe víreas agus fíteaplasmaí				
Lotnaidí neamhchoraintín rialáilte nó siomptóm a bhfuil lotnaid neamhchoraintín rialáilte ina cúis leo	Plandaí le haghaidh plandú (géineas nó speicis)	Tairseacha le haghaidh síolta réamhbhunúsacha	Tairseacha le haghaidh síol bunúsach	Tairseacha le haghaidh síol deimhnithe
Víreas fáinnebhall an Phlanda Tobac [TRSV00]	<i>Glycine max</i> (L.) Merr.	0 %	0 %	0 %

(b) leasaítear Cuid J mar a leanas:

- (i) sa tábla 'Fungais agus úimicéití', cuirtear isteach an ról seo a leanas idir na hiontrálacha maidir le '*Podosphaera mors-uvae* (Schweinitz) Braun & Takamatsu [SPHRMU]' agus '*Rhizoctonia fragariae* Hussain & W.E.McKeen [RHIZFR]':

<i>Pucciniastrum minimum</i> (Schweinitz) Arthur [THEKMI]	<i>Vaccinium</i> L., seachas pailin agus síolta	0 %
---	---	-----

(ii) leasaítear mar seo a leanas an tábla 'Víris, víoróidigh, galair dár tréithe víreas agus fíteaplasmaí':

- (1) scriostar an iontráil 'Víreas mósáice an chrainn figí [FGM000]';
- (2) cuirtear isteach an ról seo a leanas idir na hiontrálacha maidir le 'Víreas bandála féithe sú talún [SVBV00]' agus 'Neipivíreas fáinní dubha an phlanda trátaí [TBRV00]':

Víreas fáinnebhall an Phlanda Tobac [TRSV00]	Plandaí le haghaidh plandú, seachas pailin agus síolta <i>Vaccinium</i> L.	0 %
--	--	-----

(3) cuirtear isteach an ról seo a leanas:

Víreas fáinnebhall an Tráta [TORSV0]	Plandaí le haghaidh plandú, seachas pailin agus síolta <i>Malus</i> Mill.; <i>Prunus</i> L. agus <i>Vaccinium</i> L. Plandaí le haghaidh plandú, seachas pailin <i>Rubus</i> L.	0 %
--------------------------------------	--	-----

(4) i gCuid G d'Iarscríbhinn V, i bpointe '3. Bearta breise maidir le síol plandaí ola agus plandaí snáithín', cuirtear isteach an pointe seo a leanas idir pointe 4 agus 5:

'(4.1) Bearta maidir le síolta *Glycine max* (L.) Merr. chun cosc a chur le láithreach víreas fáinnebhall an phlanda Tobac:

- (a) is de thionscnamh limistéir arb eol go bhfuil siad saor ó víreas fáinnebhall an phlanda Tobac iad síolta *Glycine max* (L.) Merr.,

nó

- (b) go ndearnadh dhá chigireacht allamuigh ar a laghad ar an láithreán táirgthe le linn an tséasúir fáis ag amanna iomchú chun siomptóim ionfhabhtaithe ó víreas fáinnebhall an phlanda Tobac a bhrath, agus gur baineadh agus gur scriosadh gach planda siomptómach díreach tar éis cigireachta agus ag an gcigireacht deiridh nár aimsíodh aon phlanda a léirigh siomptóim de víreas fáinnebhall an phlanda Tobac.;

(5) in Iarscríbhinn VI, i bpointe 16, sa cholún 'Cód AC', cuirtear isteach 'ex 1209 91 80';

(6) leasaítear Iarscibhinn VII mar a leanas:

(a) cuirtear isteach an pointe seo a leanas idir pointí 4.2 agus pointe 5:

‘4.3	Plandaí le haghaidh plandú a fhástar i bhfionnuisce nó in ithir atá sáithithe go buan le fionnuisce, seachas síolta	ex 0602 20 20 ex 0602 20 80 ex 0602 30 00 ex 0602 40 00 ex 0602 90 20 ex 0602 90 30 ex 0602 90 41 ex 0602 90 45 ex 0602 90 46 ex 0602 90 47 ex 0602 90 48 ex 0602 90 50 ex 0602 90 70 ex 0602 90 91 ex 0602 90 99	Tríú tíortha	Ráiteas oifigiúil ina luaitear an méid seo a leanas maidir leis na plandaí: (a) is de thionscnamh tír iad a aithnítear a bheith saor ó <i>Pomacea</i> (Perry), i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fiteashláintíochta, nó (b) is de thionscnamh limistéar iad a shuigh an eagraíocht oifigiúil náisiúnta cosanta plandaí sa tír thionscnaimh go bhfuil sé saor ó <i>Pomacea</i> (Perry), i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fiteashláintíochta, agus luaitear sin ar an deimhniú fiteashláintíochta faoin gceannteideal ‘ait tionscnaimh’, nó (c) rinneadh cigireacht oifigiúil orthu díreach sular onnmhairíodh iad agus fuarthas go raibh siad saor ó <i>Pomacea</i> (Perry).’
------	---	---	--------------	--

(b) i bpointe 7, sa cholún ‘Plandaí, táirge plandaí agus réada eile’, an dara habairt, scriostar na fleasca ‘Vireas feosaíochta clóróisí an phráta mhilis’ agus ‘Vireas breac éadrom an phráta mhilis’;

(c) scriostar pointe 27;

(d) cuirtear isteach na pointí seo a leanas idir pointe 27 agus pointe 28:

‘27.1	Plandaí <i>Rosa</i> L. le haghaidh plandú, seachas pailín, síolta agus plandaí i saothrán fíocháin	ex 0602 40 00	Ceanada, an India agus na Stáit Aontaithe	Ráiteas oifigiúil ina luaitear an méid seo a leanas: (a) is de thionscnamh limistéar iad na plandaí a shuigh an eagraíocht oifigiúil náisiúnta cosanta plandaí sa tír thionscnaimh go bhfuil siad saor ó Vireas róis na róiséad agus a veicteoir <i>Phylloctes fructiphilus</i> (Germar), i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fiteashláintíochta, agus luaitear sin ar an deimhniú fiteashláintíochta faoin gceannteideal ‘ait tionscnaimh’, nó (b) na plandaí: (i) is de thionscnamh láthair táirgthe iad nár aimsíodh aon siomptóm de Vireas róis na róiséad agus a veicteoir <i>Phylloctes fructiphilus</i> (Germar), ná láithreach an veicteora, le linn cigireachtaí oifigiúla ó thús an tséasúir fáis dheireanaigh, agus (ii) sular onnmhairíodh iad, rinneadh iad a shampláil agus a thástáil le haghaidh Vireas róis na róiséad agus fuarthas go raibh siad saor ón lotnaid sin sna tástálacha sin agus (iii) láimhseáladh, pacáistíodh agus iompraíodh iad ar bhealach chun cosc a chur le hinmhiolú den veicteoir <i>Phylloctes fructiphilus</i> (Germar).
-------	--	---------------	---	---

27.2	Plandaí i saothrán fíocháin <i>Rosa</i> L.	ex 0602 40 00	Ceanada, an India agus na Stáit Aontaithe	<p>Ráiteas oifigiúil ina luaitear an méid seo a leanas:</p> <p>(a) is de thionscnamh limistéar iad na plandaí a shuigh an eagraíocht oifigiúil náisiúnta cosanta plandaí sa tír thionscnaimh go bhfuil siad saor ó Víreas róis na róiséad agus a veicteoir <i>Phyllocoptes fructiphilus</i> (Germar), i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fíteashláintíochta, agus luaitear sin ar an deimhniú fíteashláintíochta faoin gceannteideal ‘ait tionscnaimh’,</p> <p>nó</p> <p>(b) na plandaí:</p> <p>(i) táirgeadh iad ó mháthairphlandaí a ndearnadh tástáil orthu agus a fuarthas a bheith saor ó Víreas róis na róiséad,</p> <p>agus</p> <p>(ii) láimhseáladh iad ar bhealach chun cosc a chur le hinmhíolú den veicteoir <i>Phyllocoptes fructiphilus</i> (Germar).</p>
27.3	Bláthanna gearrtha ó <i>Rosa</i> L.	ex 0603 11 00	Ceanada, an India agus na Stáit Aontaithe	<p>Ráiteas oifigiúil ina luaitear an méid seo a leanas:</p> <p>(a) is de thionscnamh limistéar iad na bláthanna gearrtha a shuigh an eagraíocht oifigiúil náisiúnta cosanta plandaí sa tír thionscnaimh go bhfuil siad saor ó Víreas róis na róiséad agus a veicteoir <i>Phyllocoptes fructiphilus</i> (Germar), i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fíteashláintíochta, agus luaitear sin ar an deimhniú fíteashláintíochta faoin gceannteideal ‘ait tionscnaimh’,</p> <p>nó</p> <p>(b) na bláthanna gearrtha:</p> <p>(i) is de thionscnamh láthair táirgthe iad nár aimsíodh aon siomptóm de Víreas róis na róiséad agus a veicteoir <i>Phyllocoptes fructiphilus</i> (Germar), ná láithreach an veicteora, le linn cigireachtaí oifigiúla ó thús an tséasúir fáis dheireanaigh,</p> <p>agus</p> <p>(ii) sular onnmhairíodh iad, rinneadh cigireacht orthu agus, i gcás aon siomptóm de Víreas róis na róiséad, rinneadh iad a shampláil agus a thástáil agus fuarthas go raibh siad saor ó Víreas róis na róiséad</p> <p>agus</p> <p>(iii) láimhseáladh, pacáistíodh agus iompraíodh iad ar bhealach chun cosc a chur le hinmhíolú den veicteoir <i>Phyllocoptes fructiphilus</i> (Germar).’</p>

- (e) i bpointe 30.1, sa chéad cholún 'Plandaí, táirgí plandaí agus réada eile', cuirtear an méid seo a leanas in ionad an téacs:

